An Roinn Oideachais
Department of Education

**Clár Samhraidh 2024 – 'Muinín agus Naisc a Chothú'**

Márta 2024

A Phríomhoide, a chara,

Táim ag scríobh chugat chun tú a chur ar an eolas faoi Chlár Samhraidh na bliana seo agus chun aird a tharraingt ar na tacaíochtaí atá ann chun cabhrú le Clár Bunscoile na bliana seo. Tá pacáiste tacaíochtaí fógartha ag na hAirí Foley agus Madigan chun ligean do gach scoil clár samhraidh a thairiscint do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu agus dóibh siúd atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais is mó. Tá súil againn go smaoineoidh do scoil ar chlár a rith.

Don bhliain 2024, tá sé ar cheann de na príomhthosaíochtaí go mbeidh rochtain ag níos mó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu agus/nó iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ar chlár scoilbhunaithe.

Is é 'Muinín agus Naisc a Chothú' an téama lárnach atá ann go fóill do chlár na bliana seo. Is é príomhaidhm an téama seo cabhrú lenár bpáistí agus daoine óga a n-acmhainneacht a bhaint amach, a bheith athléimneach agus iad ag déileáil le gnáth-strusanna a saoil, aire a thabhairt dá bhfolláine coirp agus mothú cuspóra, nasc agus muintearas a bheith acu. dá bpobal scoile.

Do 2024, tá an Roinn ag tabhairt isteach Scéim Phríomhshrutha do Bhunscoileanna. Tiocfaidh an Scéim seo in ionad na gclár um Chuimsiú agus Aicme Speisialta de chuid na mblianta roimhe seo agus beifear in ann cur chuige níos comhtháite agus níos cuimsithí a bheith ann. Tá sé fós oscailte do scoileanna áiteanna a thairiscint do dhaltaí atá cláraithe i ranganna speisialta, do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu i ranganna príomhshrutha agus dóibh siúd is mó atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais.

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do chur chuige cuimsitheach na scéime seo, tá níos mó roghanna ag scoileanna maidir le líon na ngrúpaí ar féidir leo clár a chur ar fáil dóibh. Roimhe seo, bhí leithdháiltí sainithe maidir le líon na ngrúpaí a bhféadfadh scoileanna clár a reáchtáil dóibh, bunaithe ar mhéid na scoile. Léiríonn an cur chuige seo go ndéantar freastal níos fearr ar riachtanais aonair scoile agus na leanaí atá i dteideal páirt a ghlacadh ann.

I gclár na bliana seo, leanfar ar aghaidh arís le ról an Eagraí, a thagann in ionad uaireanta ullmhúcháin sna blianta roimhe seo, chun cabhrú le tacú le scoileanna ina gcuid pleanála agus rannpháirtíochta ó chéim níos luaithe sa scoilbhliain. Fanann na feidhmeanna do ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh seo mar a chéile den chuid is mó le blianta roimhe sin.

Féadfaidh an Scéim Bunscoile a bheith ar siúl ar feadh 2 go 4 seachtaine le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Ní gá go mbeadh na seachtainí comhleanúnacha, tá an scéim

solúbtha chun ligean do scoileanna na seachtainí is fearr a oireann dá gcuid riachtanas agus foireann a bheith ar fáil a roghnú.

Tá rogha ag bunscoileanna CDSIS (DEIS) Campaí Litearthachta agus Uimhearthachta/Campaí Samhraidh atá ann cheana féin a reáchtáil. Is féidir le scoileanna 2 champa a reáchtáil d'fhad seachtaine do gach ceann. Maidir le scoileanna CDSIS a ghlacann páirt sa Scéim Bunscoile agus sa Chlár Campaí Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta/Campaí Samhraidh de chuid CDSIS araon **beifear ag súil anois go reáchtálfaidh siad an dá scéim ag an am céanna**. Tá sé mar aidhm leis an gcur chuige seo timpeallacht foghlama níos cuimsithí a chruthú do gach dalta i rith mhíonna an tsamhraidh, agus ag an am céanna tacaíocht a thabhairt do dhaltaí le caidreamh dearfach le piaraí a fhorbairt agus a chothabháil.

Tá tuilleadh sonraí le fáil thíos:-

**Ról Eagraí Scoile**
Ag leanúint ar aghaidh ó 2023, seachas uaireanta ullmhúcháin, beidh ról tiomnaithe Eagraí Scoile arís i ngach scoil a bheidh ag tairiscint an chláir samhraidh. Gheobhaidh Eagraí na Scoile luach saothair breise dá ról. Táthar ag súil go mbeidh sé seo mar phríomhról ceannaireachta ina mbeidh deiseanna tugtha do bhaill foirne i scoileanna. Forbróidh Eagraí na Scoile i ngach scoil clár samhraidh na scoile agus beidh freagracht air/uirthi as foireann a earcú atá fostaithe ag an scoil don Chlár Samhraidh.

Cé gur féidir le Príomhoidí tabhairt faoin ról seo, tá sé i gceist an brú ó bhainistíocht na scoile a mhaolú agus deis a thabhairt do mhúinteoirí eile.

**Bainisteoir Clár Samhraidh**
I ngach bunscoil, is féidir le gach scoil Bainisteoir Clár Samhraidh amháin a cheapadh dá Clár Samhraidh foriomlán. Is féidir gurb é an duine céanna é seo agus Eagraí na Scoile. Mholfaí go ndéanfaí an ceapachán seo a mheas i gcomhthéacs an duine a bhfuil an taithí is ábhartha aige/aici i riachtanais speisialta oideachais (RSO).

Soláthraíonn róil an Eagraí agus an Bhainisteora deis spreagúil ghairmiúil do mhúinteoirí a scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus taithí bainistíochta a fháil ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal forbartha gairme araon.

**Íocaíocht Foirne Ar Líne**
Beidh an córas íocaíochtaí ar líne do bhaill foirne a tugadh isteach in 2022 i bhfeidhm arís do 2024. Déanfar tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras le haghaidh 2024 agus cinnteoidh sé seo go n-íocfar baill foirne a ghlacann páirt sa chlár scoilbhunaithe chomh tapa agus chomh héifeachtach agus is feidir.

**Foireann Sheachtrach**

…..

Is féidir le scoileanna múinteoirí ionaid agus CRSanna a fhostú ó lasmuigh dá scoil mura bhfuil an fhoireann a fhostaíonn an scoil de ghnáth ar fáil. Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) na cláir samhraidh chun cinn le múinteoirí iarchéime agus mic léinn fhochéime na bliana seo atá cláraithe faoi Bhealach 5 chun an soláthar múinteoirí atá ar fáil a mhéadú an samhradh seo trí https://www.educationposts.ie/. Tacóidh sé seo le hearcú foirne do phoist san earnáil bunscoile agus iar-bhunscoile.

**Iompar Scoile**

D'fhéadfadh seirbhísí iompair scoile a bheith ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as seirbhísí faoin scéim iompair RSO. Tá sé an-tábhachtach go reáchtáiltear an próiseas seo gan stró duit féin agus do do scoil. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na Foirmeacha Iarratais ar Iompar Scoile isteach chomh luath agus is féidir ionas gur féidir le Rannóg Iompair Scoile na Roinne deimhniú a chur ar fáil go pras do scoileanna.

Sa chás nach bhfuil seirbhísí ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as scéim iompair RSO de ghnáth, beidh maoiniú deontais iníoctha le tuismitheoirí tar éis dóibh an clár a chríochnú.

**Tacaíocht agus Treoir**

Má tá aon fhiosruithe agat cuir ríomhphost le do thoil chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie nó glaoigh ar 090 648 4292. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi na scéimeanna le n-áirítear tacaíochtaí atá ar fáil ar gov.ie/summerprogramme.

Bunaithe ar thuarascáil Cigireachta a bhí ann le déanaí a rinneadh ar Chlár Samhraidh 2023, breathnaíodh, áit ar reáchtáladh clár samhraidh, ní hamháin gur cuireadh feabhas ar fhoghlaim agus ar fholláine na leanaí i rith an tsamhraidh, ach bhí éifeacht dhearfach aige ar a gcuid feidhmíochta nuair a d'fhill siad ar scoil nó éascaíodh é dóibh agus iad ag aistriú go dtí an Iar-bhunscoil. Chun féachaint ar an tuarascáil seo, téigh chuig https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/tuairisci-cigireachta-tuarascalacha-treoirlinte meastóireahta.

Tá do chomhoibriú agus do thacaíocht do chlár na bliana seo ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis agus bheinn fíorbhuíoch díot dá bhféadfá am a thabhairt le smaoineamh ar chlár a reáchtáil i do scoil i mbliana. Tuigimid gur áiteanna fíorghnóthach iad na scoileanna le linn na scoilbhliana agus is mór againn an tiomantas uait féin agus ó d'fhoireann.

Is mise le meas

Frank Hanlon
Príomhoifigeach
An Rannóg Oideachais Speisialta